Cleachtadh Tuisceana – Iarmhairtí Domhanda den Athrú Aeráide

Le linn a bheith ag breathnú ar an scannán

- Iarr ar gach dalta eolas faoi na hábhair ar an liosta thíos a bhreacadh síos ón scannán (is féidir leis an múinteoir a rogha féin a bhaint as an liosta ábhar, nó iad ar fad a úsáid, de réir mar is iomchuí don rang).

1. An tArtach
2. Talamh shíorshioctha
3. An t-aigéan
4. Foraois bháistí
5. Ola agus gás
6. Iarmhairtí den athrú aeráide do dhaoine i dtíortha i mbéal forbartha/sa tríú domhan

Gníomhaíocht tar éis a bheith ag breathnú ar an scannán

- Iarrtar at dhaltaí a bhí ag obair ar an ábhar céanna sa ghrúpa céanna liosta cuimsitheach fíricí a thiomsú agus a chur i láthair an ranga.

Tuilleadh gníomhaíochtaí

- Teacht ar níos mó eolais maidir leis na tíortha a luadh sa ghearrthóg (mar shampla, an Bhanglaidéis) agus maidir leis na bealaí ina dtéann athrú aeráide i bhfeidhm orthu. http://ec.europa.eu/environment/climat/home_en.htm
- Ba cheart daltaí a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar na bealaí ina bhfuil tíortha mar sin ag dul i ngleic le hathrú aeráide.
- Cad iad na tíortha is mó a dtéann athrú aeráide i bhfeidhm orthu?
- Cén fáth go dtéann athrú aeráide i bhfeidhm níos mó ar thíortha i mbéal forbartha ná ar thíortha forbartha?
- Conas dob fhéidir le hiarmhairtí aeráide i dtíortha i mbéal forbartha dul i bhfeidhm ar thíortha forbartha (mar shampla, inimircí de bharr aeráide, oibleagáidí airgeadais).
- *Iarr ar na daltaí dul ag obair i ngrúpaí chun breathnú ar an TÁBLA UIMHREACHA CARBÓIN faoi iamh agus líne a tharraingt chun gach tír a cheangal le huimhir charbóin mheánach a saoránach (líon na dtonnaí den dé-ocsáid charbóin a bhfuil gach saoránach freagrach as a tháirgeadh in aon bhliain amháin). Iarr ar gach grúpa cúiseanna a lua mar thaca lena bhfreagraí.

*Freagraí: Éire 11, An tAE 8, Na Stáit Aontaithe 19, An tSín 4, An Ind 1, An Afraic 2, Meiriceá Theas agus Meiriceá Láir 5.

TÁBLA UIMHREACHA CARBÓIN – Tábla amháin in aghaidh an ghrúpa

Tír	Uimhir charbóin an tsaoránaigh, ar an meán
Éire	5
An tAE	11
Na Stáit Aontaithe	8
An Ind	4
An tSín	19
An Afraic	1
Meiriceá Theas agus Meiriceá Láir	2